

# Machnamh ar mo chleachtas agus mo chuid eispéireas, dearcthaí, luachanna agus creideamh a fhiosrú

## Réamhrá

Tá d'aidhm ag an ábhar seo tacú le múinteoirí agus iad ag machnamh ar a gcleachtas in OSPS/OCG chun a bhfeasacht a fhorbairt ar thionchar a n-eispéireas, a meonta, a luachanna agus a gcreidimh féin ar a dtuiscint ar OSPS/OCG agus conas a thugann siad faoi theagasc OSPS/OCG.


Táimid go léir faoi thionchar na dtimpeallachtaí, na dteaghlach agus na bpobal ina bhfásaimid agus ina bhforbraimid, mar sin tugann páistí agus múinteoirí luachanna agus meonta éagsúla leo go dtí an seomra ranga. Is céim thábhachtach é eolas a bheith agat ar do luachanna agus do chreidimh féin chun tacú le cur chuige i leith OSPS/OCG atá oscailte agus gan bhreithiúnas; ag cruthú timpeallacht ranga ina mothaíonn gach duine meas agus muintearas.

Tá leagtha amach san ábhar tacaíochta roinnt toimhdí ó thaighde agus ceisteanna machnaimh sna rannáin seo a leanas:

- Do mhothúcháin agus meonta i leith topaicí in OSPS/OCG
- Meas a eiseamláiriú ar an réimse creideamh, luachanna, meonta agus tuairimí atá ag páistí i do rang
- Scileanna a theastaíonn chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach in OSPS/OCG
- Polasaí OSPS/OCG agus spiorad saintréitheach do scoile
- Léitheoireacht bhreise.

## Do mhothúcháin agus meonta faoi thopaicí in OSPS/OCG

Má dhéanann tú machnamh ar do mhothúcháin agus do mheonta féin faoi chaidrimh agus gnéasacht, is féidir sin a bheith ina chabhair maidir le conas a thugann tú faoin teagasc agus foghlaim in OSPS/OCG. Is sampla é an forléargas thuas de conas is féidir míchompord múinteora tionchar diúltach a imirt ar eispéireas foghlama an pháiste. Is féidir go gcabhródh na ceisteanna seo a leanas leat agus le do chomhghleacaithe machnamh a dhéanamh ar do mheonta agus luachanna a bhaineann le teagasc OSPS/OCG agus é a chur ar do chumas machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun d'inniúlacht agus muinín mar múinteoir OSPS/OCG a mhéadú.



### Machnamh an mhúinteora

- An bhfuil topaicí ann nach bhfuil tú chomh compordach iad a theagasc? Má tá, cad is féidir leat a dhéanamh chun do mhuinín leis na topaicí seo a mhéadú?
- Cad iad na straitéisí nó na cuir chuige ar bhraith tú iad a bheith ar na cinn ab éifeachtaí chun tabhairt faoi na mothúcháin seo agus tacú le do theagasc OSPS/OCG?
- Cad iad na heispéiris in OSPS/OCG ar mhaith leat iad a bheith ag páistí i do rang?

# Machnamh ar mo chleachtas agus mo chuid eispéireas, dearchtaí, luachanna agus creideamh a fhiosrú



## Forléargas ó thaighde

Léiríodh i gcomhphlé le páistí rang 5 go raibh scoileanna ag cur i bhfeidhm an chláir 'Bí Sábháilte', a thacaíonn le heilimintí de OCG. Chuimhnigh páistí ar fhoghlaim faoi thopaicí mar fhanacht sábháilte, cairdeas agus bulaíocht. Ach nuair a cuireadh ceisteanna ar scoláirí sa chéad bhliain faoina dtaithí ar OCG sa bhunscoil uachtarach, cheangail a lán acu OCG leis 'an gcaint'. Bhraith líon beag páistí gur chlúdaigh siad réimse cuimsitheach topaicí, ach i gcás thromlach na scoláirí, bhain beagnach na cuimhní go léir a bhí acu den OCG sa bhunscoil le foghlaim faoi na hathruithe bitheolaíocha a tharlaíonn le linn an chaithreachais. Nuair a labhraíonn siad faoina dtaithí ar OCG, b'fhearr le scoláirí an múinteoir a bheith ag clúdach réimse leathan de thopaicí agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le bheith páirteach i gcinntí faoi inneachar a bhfoghlaime in OCG (CNCM, 2019, lch 16).

## Meas a eiseamláiriú ar an réimse creideamh, luachanna, meonta agus tuairimí atá ag páistí i do rang

Tá do chumas meas a eiseamláiriú ar an réimse creideamh, luachanna, meonta agus tuairimí atá ag páistí i do rang maidir le topaicí ríthábhachtach chun é a chur ar a gcumas do pháistí machnamh a dhéanamh ar a gcreidimh féin agus smaoineamh orthu. Sa ghníomhaíocht seo a leanas iarrtar ort smaoineamh ar roinnt ráiteas cleachtaidh. Spreagtar thú leis na ráitis a bheith ag smaoineamh faoi conas is féidir leat meas agus inghlacthacht a léiriú do mhothúcháin agus meonta daoine eile maidir le saincheisteanna agus topaicí in OSPS/OCG. Níl an liosta uileghabhálach ach is túsphointe é chun machnamh a dhéanamh ar do chleachtas.



## Forléargas an pháiste

*Is maith liom é nuair a chuireann múinteoir ceist orm fúm féin, mo theaghlach agus cad is maith linn a dhéanamh. Rinneamar tionscadal agus bhí mé ábalta scríobh agus pictiúir a tharraingt fúthu [mo theaghlach] agus an áit arb as dúinn. Bhí gach duine ag cur ceisteanna agus thaitin sé liom a bheith ag caint faoi Mhamaí agus Daidí, agus Grampes [seantuismitheoir] sa Pholainn, an bia is fearr linn agus an Pholainnis. Agus thaitin sé liom bheith ag foghlaim faoi theaghlach mo charad freisin. Tá siad beagnach difriúil le mo theaghlach féin agus tá sé deas aithne níos fearr a chur ar gach duine.*

# Machnamh ar mo chleachtas agus mo chuid eispéireas, dearchtaí, luachanna agus creideamh a fhiosrú



## Gníomhaíocht

Léigh na ráitis agus ticeáil an bosca is fearr a léiríonn do chleachtas.

**I gcónaí** = Úsáidim seo i gcónaí i mo theagasc

**Uaireanta** = Úsáidim seo uaireanta i mo theagasc

**Riamh** = Ní úsáidim seo riamh i mo theagasc

**★** = Ba mhaith liom triail a bhaint as seo, ach b'fhéidir go dteastódh níos mó eolais nó forbairt ghairmiúil uaim.

Practice statements	★	Riamh	Uaireanta	I gcónaí
Is maith liom am a ghlacadh chun foghlaim faoi eispéiris agus cúlraí na bpáistí i mo rang trí labhairt leis na páistí, a dtuismitheoirí <sup>1</sup> agus comhghleacaithe a theagasc iad san am a chuaigh thart.				
Roghnaím acmhainní lena léirítear d'aon turas éagsúlacht nach dtreisiónn steiréitíopaí.				
Táim eolach ar na cúiseanna a mbím míchompordach agus claonta in OSPS/OCG.				
Déanaim iarracht go gníomhach mo mhíchompord agus mo chlaontacht a shárú ionas nach n-imríonn siad tionchar diúltach ar eispéiris foghlama páistí i mo rang.				
Nuair a úsáidim cásanna sa seomra ranga, cuirim san áireamh cásanna a chuimsíonn réimse leathan de charachtair.				
Labhraím leis na páistí agus lena dtuismitheoirí faoina n-ionchais agus a dtuiscintí maidir le OSPS/OCG.				
Cuirim ceachtanna le chéile go cúramach nuair a tharraingim anuas topaicí a d'fhéadfadh a bheith iogair.				
Struchtúraím comhphlé chun réimse leathan de ghlórtha a chur san áireamh ionas go mbeidh a fhios ag páistí go mbíonn mothúcháin, meonta agus creidimh éagsúla ag daoine faoi thopaicí in OSPS/OCG.				
Tá a fhios agam cad iad na hainmneacha is fearr leis na páistí agus na forainmneacha a úsáideann siad agus spreagaim páistí le hiad seo a fhoghlaim agus a úsáid dá chéile.				
Cruthaím timpeallacht ranga shábháilte mar a mbíonn gach duine eolach ar a bhfreagrachtaí.				
Seachnaím ginearálú agus spreagaim na páistí i mo rang leis an rud céanna a dhéanamh.				
Ní iarraim ar pháistí aonair labhairt thar ceann grúpa díreach de bhrí go bhfuil siad sa ghrúpa sin.				
Déanaim easaontú measúil a eiseamláiriú agus taispeánaim do pháistí conas critic a dhéanamh le meas ar smaoineamh seachas ar an gcainteoir.				
Tugaim an deis do pháistí aiseolas a thabhairt ar a n-eispéiris foghlama agus úsáidim an t-aiseolas seo mar bhonn eolais le haghaidh ceachtanna amach anseo.				
Aithním a luachmhaire atá sé réimse leathan de pheirspictíochtaí a bheith sa seomra ranga measaim é a bheith ina bhuntáiste.				
Bím cúramach nuair a shannaim na páistí go grúpaí le haghaidh obair ghrúpa nach ndéanaim páiste ó chúrla mionlaigh a aonrú.				
Tá prótacail bunaithe agam i mo sheomra ranga ionas go mbíonn a fhios ag páistí nach gcaithfidh siad cur le comhphlé agus gur féidir leo a chur in iúl dom go mbraitheann siad míchompordach.				
Tá prótacail bunaithe agam i mo sheomra ranga a chuireann ar mo chumas ceacht a stopadh nó idirghabháil a dhéanamh i gcomhphlé má bhíonn ráitis dímhéasúil nó maslach.				

<sup>1</sup> Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.

# Machnamh ar mo chleachtas agus mo chuid eispéireas, dearcthaí, luachanna agus creideamh a fhiosrú

## Scileanna a theastaíonn chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach in OSPS/OCG


### Forléargas ó thaighde



Measadh go raibh an cumas comhphlé grúpa a éascú agus ligean do cheisteanna a theacht chun cinn an-tábhachtach. Thug múinteoirí ar aird go minic go n-éilíonn sé seo go leor muiníne agus scile, chomh maith le caidreamh dearfach agus oscailte a bheith ann idir múinteoirí agus scoláirí (CNCM, 2019, lch. 15).

De bhrí go mbíonn tú toilteanach labhairt faoi OCG, trí dheiseanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla, cuirtear in iúl do chompond leis an topaic. Do chumas labhairt go héasca, le muinín agus le hinniúlacht, is taca é freisin do leibhéal compoird na bpáistí i leith na dtopaicí. Is céadchéim thábhachtach é spás sábháilte a chruthú don comhphlé. Tóg am chun comhfhreagrachtaí agus teorainneacha a bhunú le do rang. D'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair topaicí a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach do roinnt páistí ionas gur féidir leat ullmhú roimh ré. Bealach maith leis seo a dhéanamh ná labhairt le tuismitheoirí nó leis an múinteoir a bhí acu roimhe. Nuair a thagann ráiteas dúshlánach chun cinn le linn comhphlé, d'fhéadfadh sé a bheith ina smaoineamh maith a iarraidh ar an pháiste míniú a thabhairt ar a smointeoireacht. Má dhéanann tú seo, tá tú á spreagadh le dúshlán a thabhairt dá smointe agus a thuiscint cén fáth a gcreideann, nó an gcreideann siad dáiríre, an méid a dúirt siad. Ar deireadh, níl na freagraí go léir ag duine ar bith, mar sin bí ionraic faoi nuair nach bhfuil a fhios agat rud éigin agus mínigh do na páistí go ndéanfaidh tú roinnt taighde agus go dtiocfaidh tú ar ais chucu ag pointe níos faide anonn le freagra. Cabhróidh na ceisteanna seo a leanas leat machnamh a dhéanamh ar do straitéisí agus cleachtais chumarsáide in OSPS/OCG.

### Machnamh an mhúinteora



- An mbíonn bainistiú ar chomhphlé in OSPS/OCG dúshlánach duit? Má bhíonn, cad iad na straitéisí a úsáideann tú chun na dúshláin seo a shárú?
- Cé na cineálacha cleachtas ba mhaith leat a fhorbairt chun do scileanna cumarsáide nuair a theagascann tú OSPS/OCG a fheabhsú?

### Forléargas an mhúinteora



*Ba í an bhliain inar fhoghlaim mé an méid ba mhó faoi OCG ná nuair a d'oibrigh mé le comhghleacaí eile. Rinneamar cómhúinteoireacht agus bhí sé go hiontach. Is iontach an rud é an dóigh a ndéanann duine eile é a fheiceáil.*


### Polasaí OSPS/OCG agus spiorad saintréitheach do scoile

Ní mór do gach scoil polasaí OCG a fhorbairt trí phróiseas comhairliúcháin ina bhfuil tuismitheoirí, múinteoirí agus an bord bainistíochta páirteach. Nuair is féidir agus nuair atá sé oiriúnach, is féidir páistí a bheith páirteach sa phróiseas seo freisin. Ba cheart an polasaí a athbhreithniú go rialta agus é a bheith comhsheasmhach le polasaithe eile sa scoil. Cuirtear faisnéis thábhachtach ar fáil i bpolasaí OSPS/OCG do scoile do mhúinteoirí agus tuismitheoirí maidir le hinneachar, topaicí agus cuir chuige chun OSPS/OCG a theagasc. Déantar naisc thábhachtacha ann freisin le spiorad saintréitheach na scoile, chomh maith le ról múinteoirí agus tuismitheoirí i dteagasc foirmiúil agus neamhfoirmiúil araon OSPS/OCG. Tá sé tábhachtach a bheith eolach ar pholasaí do scoile ar OCG agus OSPS, na cuir chuige lena dtacaíonn do scoil, na cláir atá i bhfeidhm agus conas a théann tú féin agus do chomhghleacaithe i ngleic leis an gcuraclam. Nuair is féidir, ba cheart go mbeadh deiseanna ann

# Machnamh ar mo chleachtas agus mo chuid eispéireas, dearcthaí, luachanna agus creideamh a fhiosrú

do mhúinteoirí polasaí OSPS/OCG na scoile agus na cuir chuige chun OSPS/OCG a theagasc a phlé ar bhonn rialta. I dtaighde a rinne CNCM, labhair roinnt múinteoirí ar dheiseanna sa scoil a thacaigh leo chun inniúlacht agus muinín a fháil i dteagasc OSPS/OCG: i measc samplaí, bhí cómhúinteoireacht agus meantóireacht (CNCM, 2019). Beidh deiseanna mar seo ina spreagadh i gcur chuige comhoibríoch scoile uile i leith OSPS/OCG agus beidh múinteoirí in ann mar gheall air dea-chleachtas a chomhroinnt agus réimsí a shainaithint le haghaidh forbairt ghairmiúil.

## Machnamh an mhúinteora



- Agus tú ag smaoineamh ar pholasaí do scoile féin, conas a bheidh sé ina chabhair le haghaidh d'ullmhúcháin le haghaidh teagasc agus foghlama in OSPS/OCG?
- An mbíonn deiseanna agat teagasc OSPS/OCG a phlé le comhghleacaithe? Mura mbíonn, conas a d'fhéadfaí an cleachtas seo a bhunú i do scoil?
- An mbíonn deiseanna agat a bheith páirteach sa chómhúinteoireacht agus sa mheantóireacht in OSPS/OCG i do scoil? Mura mbíonn, conas a d'fhéadfaí na cleachtais seo a bhunú i do scoil?

## An chéad chéim eile?

### Léitheoireacht Bhreise



An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM): Tá roinnt seimineár gréasáin déanta ag SFGM chun tacú le teagasc agus foghlaim in OSPS/OCG.

- [Intreoir do OSPS](#)
- [Acmhainní do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu](#)
- [Caidrimh agus Gnéasacht do Bhunscoileanna: Léargas ar Acmhainní](#)
- [Tairseach Sláinte agus Folláine](#)

**BeLongTo:** Cuireann BeLongTo acmhainní ar fáil ar líne agus ardán oiliúna chun smaoineamh ar roinnt príomhréimsí cleachtais maidir le Scoileanna atá lonchuimsitheach i leith LADTI+.

- [Scoileanna atá lonchuimsitheach i leith LADTI+](#)
- [Teanga atá lonchuimsitheach i leith LADTI+](#)

**Seirbhísí Sláinte Gnéis FSS:** Tá suíomh gréasáin eolasach ag FSS ar a dtugtar acmhainní éagsúla do thuismitheoirí agus gairmithe chun tacú le teagasc caidreamh agus gnéasachta.

[Ceisteanna agus freagraí samplacha do thuismitheoirí](#)

**TENI:** Acmhainní agus faisnéis maidir le sainmhínte cabhracha a bhaineann le hinscne.

[Tearmaí agus Sainmhínte Cabhracha – TENI](#)

**Deiseanna Foghlama Gairmiúla in OSPS/OCG:**

Reáchtálann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ceardlanna agus cuireann siad ar fáil tacaíocht scoile in OSPS/OCG. Le haghaidh tuilleadh sonraí agus chun tacaíocht a rochtain téigh go dtí: [Sonraí teagmhála | SFGM](#)

**Seirbhís Cabhrach d'Fhostaithe/Spectrum Life:**

Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna an tSeirbhís Cabhrach d'Fhostaithe (SCF) a shocrú agus a bhainistiú, agus cuirtear ar fáil leis do mhúinteoirí agus do gharghaolta, .i. páirtí, céile nó páiste fásta (18 mbliana d'aois nó níos sine) atá ina gcónaí ag an seoladh céanna leis an bhfostaí, rochtain ar chomhairleoireacht faoi rún agus cabhraítear leo déileáil le tionchar ó shaincheisteanna pearsanta agus a bhaineann le hobair.

- Saorghlao: 1800 411 057
- SMS agus WhatsApp – Téacsáil 'Hi' go 087 369 0010
- <https://wellbeingtogether.spectrum.life/login>

### Tagairtí

CNCM. (1999). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Treoirlínte don Mhúinteoir*, BÁC: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

CNCM. (2019). *Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.